FÓGRA FOLÚNTAIS CHUN LIOSTA IONADAITHE A BHUNÚ

Teideal an phoist	**Bainisteoir Tionscadail – Dlí an Aontais Eorpaigh agus an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine**
Feidhmghrúpa/grád	AD 5
An cineál conartha	Gníomhaire Sealadach
Tagairt	FRA-TA-PMINST-AD5-2021
Spriocdháta le haghaidh iarratas	**25/02/2022 ag 13.00** (Am Lár na hEorpa (CET)).
Áit fostaíochta	Vín, AN OSTAIR

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) chun liosta ionadaithe a bhunú óna líonfar folúntas/folúntais mar Bhainisteoir Tionscadail Riaracháin (F/B) (feidhmghrúpa AD, grád 5) san Aonad um Chomhar Institiúideach agus Líonraí.

1 CÚLRA

Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) comhairle neamhspleách fhianaisebhunaithe ar fáil do lucht ceaptha beartas, lena áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a lánurramú ar fud an Aontais, do chách. Chuige sin, bailíonn an Ghníomhaireacht faisnéis agus sonraí ar réimse saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha agus déanann sí anailís orthu, cuireann sí cúnamh agus saineolas ar fáil d'institiúidí an Aontais agus do rialtais Bhallstáit an Aontais, ardaíonn sí feasacht ar chearta, cuireann sí a torthaí in iúl agus neartaíonn sí an comhar agus na naisc idir gníomhaithe um chearta bunúsacha.

An tAonad um Chomhar Institiúideach agus Líonraí

Tá an tAonad um Chomhar Institiúideach agus Líonraí freagrach as comhar na Gníomhaireachta le comhpháirtithe chun tacú le dlí agus ceapadh beartas a chomhlíonann na cearta bunúsacha san Aontas agus sna Ballstáit. Bíonn an tAonad ag obair le comhpháirtithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear institiúidí de chuid an Aontais, rialtais na mBallstát, comhlachtaí náisiúnta a bhfuil sainchúram orthu a bhfuil baint aige le cearta an duine nó leis an gcomhionannas, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí idir-rialtasacha.

Fanann an tAonad ar an eolas faoi fhorbairtí beartais agus forbairtí dlí a bhaineann le hobair na Gníomhaireachta agus cabhraíonn sé leis an nGníomhaireacht freastal ar na riachtanais a bhíonn ag lucht ceaptha beartas agus reachtóirí i dtaobh comhairle neamhspleách faoi chearta bunúsacha. Cuireann an tAonad ionchur substaintiúil dlí agus beartais ar fáil ar bhonn thaighde, bailiú sonraí agus anailís na Gníomhaireachta, lena n-áirítear i ndáil le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2 DUALGAIS

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ag obair san Aonad um Chomhar Institiúideach agus Líonraí faoi mhaoirseacht Cheann an Aonaid. Beidh sé nó sí ag obair i ndlúthchomhar le baill eile den aonad freisin, chomh maith le baill foirne in aonaid eile.

Tacóidh sealbhóir an phoist le hobair an Aonaid i gcomhréir leis na tosaíochtaí a bheidh aige i mbliain ar leith maidir le comhar institiúideach agus líonrú, mar a leagtar amach i nDoiciméad Clársceidealaithe na Gníomhaireachta. Bainfidh an té sin leas as an saineolas agus as an eolas atá aige nó aici chun ionchur a sholáthar do thionscadail shonracha agus dá dtáirgí insoláthartha.

Beifear ag súil leis go gcuirfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi na cúraimí seo a leanas i gcrích:

- Tionscadal nó tionscadail i réimsí sonracha a bhaineann le cearta bunúsacha a bhainistiú agus rannchuidiú leis nó leo, timthriall iomlán an tionscadail a bhainistiú ó shainiú na gcuspóirí go baint amach an phlean tionscadail ar shlí éifeachtúil agus meastóireacht ar aschuir agus ar thorthaí, agus comhordú á dhéanamh aige nó aici ar obair na foirne tionscadail atá freagrach as na cuspóirí a bhaint amach;
- Pleanáil, cur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí tionscadail agus buiséid tionscadail, lena n-áirítear bainistiú conarthaí agus soláthar seirbhísí seachtracha, i gcomhréir leis na nósanna imeachta riaracháin agus na rialacha airgeadais is infheidhme, agus é á áirithiú an tráth céanna go n-iontrálfar sonraí riaracháin in uirlis bainistíochta tionscadail na Gníomhaireachta;
- Obair na Gníomhaireachta a chur chun cinn agus torthaí na dtionscadal a scaipeadh trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear páipéir chomhdhála, cuir i láthair, rannpháirtíocht i gceardlanna, seimineáir ghréasáin a eagrú, ábhar cumarsáide, etc.;
- Anailís dhlíthiúil agus anailís ar bheartais a sholáthar ar shaincheisteanna de chuid an Aontais maidir le cearta bunúsacha agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine atá ábhartha do réimse/réimsí oibre shealbhóir an phoist;
- Tuarascálacha comparáideacha dlí agus páipéir bheartais a chomhordú agus a dhréachtú, bunaithe ar shonraí agus fianaise arna mbailiú ag an nGníomhaireacht, lena n-áirítear maoirseacht ar cháilíocht na dtáirgí insoláthartha arna soláthar ag conraitheoirí seachtracha;
- Caidreamh a éascú agus a chothú le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí i réimse/réimsí oibre shealbhóir an phoist, lena n-áirítear ionadaithe de chuid institiúidí an Aontais, eagraíochtaí idir-rialtasacha, údaráis náisiúnta agus na sochaí sibhialta;
- Nótaí faisnéise agus pointí labhartha a dhréachtú i gcomhair an lucht bainistíochta maidir le saincheisteanna a thagann faoi réimse/réimsí oibre an tsealbhóra poist;
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta ag cruinnithe agus imeachtaí, agus cruinnithe seachtracha agus cruinnithe inmheánacha a eagrú.

Na dualgais is infheidhme maidir le gach ball foirne:

- A bheith ag obair go gníomhach i dtreo spriocanna FRA a bhaint amach i gcomhréir le Plean Straitéiseach na Gníomhaireachta;

- Aon dualgais agus aon fhreagrachtaí eile a bhaineann leis an obair agus a shannfaidh Ceann an Aonaid a chur i gcrích.

3 CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun a bheith inghlactha don roghnúchán seo, ní mór d'iarrthóirí gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach:

Coinníollacha ginearálta[1]

- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach[2] ;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais charachtair a shásamh maidir lena oiriúnaí atá siad do na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[3].

Oideachas

- Leibhéal oideachais a bheith acu arb ionann é agus ceithre bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma dlí[4],

NÓ

- Leibhéal oideachais a bheith acu arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma dlí agus taithí ghairmiúil aon bhliana amháin ar a laghad a bheith gnóthaithe acu.

Taithí ghairmiúil

- Sa bhreis ar an méid thuas, beidh taithí ghairmiúil lánaimseartha cúig bliana ar a laghad acu ar chúrsaí dlí nó beartais tar éis an chéim chuí a bhaint amach agus roimh an dáta deiridh don fhógra folúntais seo.[5]

Scileanna teanga

- Eolas críochnúil a bheith acu ar Bhéarla (leibhéal C1 ar a laghad) agus

[1] Féach Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

[2] Sula gceapfar iad, ceanglófar ar iarrthóirí a n-éireoidh leo doiciméad oifigiúil a thabhairt ar aird lena léirítear nach bhfuil aon taifead coiriúil acu.

[3] Sula gceapfar iad, ceanglófar ar iarratasóirí rathúla dul faoi scrúdú leighis lena áirithiú go gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 12(2)(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.

[4] Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit den Aontas nó lena mbaineann deimhnithe coibhéise arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin. Sa chás inar eisíodh deimhniú coibhéise, ní mór é sin a bheith déanta faoin spriocdháta le hiarratas a chur isteach.

[5] Déantar taithí ghairmiúil a chomhaireamh ón dáta ar a fuarthas an dioplóma. Sa chás ina bhfuil leibhéal oideachais acu arb ionann é agus staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma nuair is ionann an ghnáth-thréimhse oideachais agus trí bliana ar a laghad, ní féidir an taithí ghairmiúil iomchuí aon bhliana amháin a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil atá ag teastáil. Sa chás sin teastaíonn cúig bliana agus aon bhliain amháin san iomlán de thaithí ghairmiúil.

- Eolas sásúil a bheith acu ar theanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh (leibhéal B2 ar a laghad).

Is do Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha a chomhfhreagraíonn na leibhéil a luaitear[6].

Scileanna ríomhaireachta

- Ní mór d'iarrthóirí taithí phraiticiúil fhairsing a bheith acu ar fheidhmchláir ríomhaire amhail pacáiste MS Office (go háirithe Word, Excel, PowerPoint, Outlook) nó ar fheidhmchláir den chineál céanna, ar bhunachair shonraí (ar leibhéal úsáideora) agus ar thaighde Idirlín.

4 CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Chun na hiarrthóirí is cáilithe a roghnú le haghaidh chéim an agallaimh agus le haghaidh chéim fhéideartha na trialach, breithneoidh an Ghníomhaireacht na critéir **bhunriachtanacha** seo a leanas:

- Taithí ar obair le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine;
- Taithí chruthaithe ar bhainistíocht tionscadal i réimse chearta an duine/na gceart bunúsach;
- Taithí oibre chruthaithe ar anailísí ardchaighdeáin dlí agus beartais a dhréachtú i mBéarla i réimse chearta an duine/na gceart bunúsach (tuarascálacha comparáide, páipéir bheartais, etc.);
- Taithí ar chomhairle dlí agus comhairle faoi bheartais a sholáthar do lucht ceaptha beartas agus reachtóirí;
- Taithí chruthaithe ar chaidreamh le geallsealbhóirí agus ar líonrú.

Measfar comhlíonadh na gcritéar seo a leanas a bheith **buntáisteach**:

- Teastas sa bhainistíocht tionscadal (e.g. EU PM^2, PRINCE 2, PMP etc.);
- Taithí oibre in institiúid/comhlacht de chuid an Aontais, in eagraíocht idir-rialtasach nó in institiúid náisiúnta um chearta an duine;
- Eolas agus taithí ar bheith ag obair le bunachair sonraí um chearta an duine;
- Fraincis mhaith, idir scríofa agus labhartha (leibhéal B2 ar a laghad).

I dteannta na gcritéar **bunriachtanach agus buntáisteach**, déanfar iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach a mheas in aghaidh na riachtanas seo a leanas freisin:

- **Cumarsáid**: cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht ó bhéal agus i scríbhinn araon;
- **Anailís agus Réiteach Fadhbanna**: an cumas chun sainaithint a dhéanamh ar na fíricí criticiúla i saincheisteanna casta agus chun réitigh chruthaitheacha, phraiticiúla a fhorbairt ina leith;

[6] Féach https://europass.cedefop.europa.eu/sites/default/files/cefr-en.pdf

- **Obair le Daoine Eile**: a bheith ag obair i gcomhar le daoine eile i bhfoirne agus in eagraíochtaí eile agus meas a léiriú ar na difríochtaí atá ann idir daoine; meon dearfach foirne a chothú trí spriocanna comhroinnte agus malartú eolais agus taithí a spreagadh;
- **Foghlaim agus Forbairt**: scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar thimpeallacht na heagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú; gabháil orthu féin oiliúint a chur ar dhaoine eile, eolas a chomhroinnt agus modhanna oibre a fheabhsú go córasach;
- **Beartú Tosaíochta agus Eagrúchán**: an cumas chun tosaíocht a thabhairt do na cúraimí is tábhachtaí, a bheith ag obair ar bhealach solúbtha agus a n-ualach oibre féin agus ualach oibre daoine eile a eagrú go héifeachtúil;
- **Cáilíocht agus Torthaí**: freagracht phearsanta a ghlacadh as obair a chur i gcrích de réir caighdeán ard, as a stuaim féin agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos; díriú go soiléir ar an gcustaiméir (custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon); modhanna córasacha, críochnúla a chur le tionscadail agus le hobair dá gcuid féin agus de chuid a bhfoirne féin;
- **Teacht Aniar**: obair éifeachtach a dhéanamh agus iad faoi bhrú oibre, a bheith solúbtha agus oiriúnú do thimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú; spreagadh a thabhairt do dhaoine eile an méid sin a dhéanamh agus a gcur chuige féin agus cur chuige a bhfoirne a choigeartú chun déileáil le himthosca a bhíonn ag athrú.

5 IARRATAIS A CHUR ISTEACH AGUS AN SPRIOCDHÁTA

Iarrtar ar iarrthóirí a n-iarratas a chur isteach go leictreonach ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta: fra.europa.eu . **Ní ghlacfar ach le hiarratais ar líne.**

Ní mheasfar iarratas a bheith inghlactha ach amháin i gcás ina mbeidh na nithe seo a leanas ar áireamh leis:

- CV i bhformáid Europass **(ní bhreithneofar CVanna in aon fhormáid eile);**
- litir inspreagtha (b'fhearr gan ach leathanach amháin a bheith inti);
- iarratas leictreonach agus é comhlánaithe go hiomlán (lena n-áirítear an ghreille incháilitheachta agus roghnúcháin).

Tá eolas faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin le fáil ag an seoladh seo a leanas: http://fra.europa.eu/en/about-fra/recruitment/vacancies.

Má bhíonn fadhbanna teicniúla agat le linn duit d'iarratas a dhéanamh, téigh i dteagmháil, laistigh den spriocdháta thuasluaite, leis an seoladh ríomhphoist thíos ag míniú na bhfadhbanna atá agat: recruitment@fra.europa.eu.

Ní mór iarratais a sheoladh tráth nach déanaí ná an **25/02/2022 ag 13.00** (Am Lár na hEorpa (CET)).

De bharr líon mór na n-iarratas a fhaighimid, d'fhéadfadh go mbeadh fadhbanna ag an gcóras líon chomh mór sin sonraí a phróiseáil nuair a bheifear ag teannadh leis an spriocdháta chun iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, molaimid duit iarratas a dhéanamh tamall maith roimh an spriocdháta.

6 COMHDHEISEANNA

Áitíonn FRA ar aon duine a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus a bhfuil spéis aige/aici sa phost iarratas a dhéanamh. Is fostóir comhdheiseanna é FRA agus fáiltíonn sé roimh iarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar inscne, dath, tionscnamh ciníoch, eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, náisiúntacht, aois, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne.

Spreagann FRA iarrthóirí atá faoi mhíchumas iarratas a chur isteach. Má mheasann tú go bhfuil tú faoi mhíchumas coirp, meabhrach, intleachta nó céadfach, cuir tic sa bhosca cuí ar an bhfoirm iarratais ar líne agus cuir aon choigeartuithe nó socruithe atá ann, a bhaineann le do mhíchumas, in iúl ionas gur féidir le FRA do rannpháirtíocht iomlán, chomhionann san agallamh a chinntiú.

7 NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Déanfaidh Údarás Ceapacháin na Gníomhaireachta Coiste Roghnúcháin a ainmniú.

Déanfar incháilitheacht iarrthóirí a mheas de réir na gceanglas foirmiúil ar fad faoin dáta deiridh chun iarratais a chur isteach (féach pointe 3 sna Critéir incháilitheachta).

Ní dhéanfar ach iarratais ó iarrthóirí incháilithe a mheas i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin a shonraítear san fhógra foilsithe (féach pointe 4 sna Critéir incháilitheachta). **Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cuireadh chun agallaimh don ochtar iarrthóirí is fearr a ghnóthóidh scór 60% ar a laghad**.

Cuimseoidh an nós imeachta roghnúcháin agallamh agus triail scríofa. Is i mBéarla a bheidh an dá chuid. Reáchtálfar an t-agallamh i Vín (na hOstaire), áit a bhfuil an Ghníomhaireacht agus an áit fostaíochta suite. I gcás ina dtarlóidh sé, de bharr COVID-19, nach mbeidh iarrthóirí in ann a dtrialacha scríofa agus béil a dhéanamh in áitreabh FRA, tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí uile ar an ngearrliosta na trialacha sin a dhéanamh ar líne. Gheobhaidh na hiarrthóirí gearrliostaithe tuilleadh faisnéise mionsonraithe in am trátha.

Iarrfar ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh, faoi dháta an agallaimh, cóip neamhdheimhnithe dá ndioplóma(í) agus fianaise ar a gcuid taithí oibre a chur isteach, ina mbeidh léargas soiléir ar thréimhse ama agus ar chineál a dtaithí oibre, agus cibé an obair lánaimseartha nó obair pháirtaimseartha a bhí i gceist léi. Sula ndéanfar conradh a shíniú, iarrfar ar an iarrthóir/na hiarrthóirí a n-éireoidh leo cóipeanna bunaidh nó deimhnithe de na doiciméid ábhartha ar fad ar fianaise iad ar na ceanglais incháilitheachta a sholáthar do FRA.

Ainmneofar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ar liosta ionadaithe a chuirfidh an Coiste Roghnúcháin le chéile. Molfar an liosta ionadaithe sin d'Údarás Ceapacháin FRA. Déanfaidh an tÚdarás Ceapacháin cinneadh maidir le liosta ionadaithe a bhunú. Beidh an liosta ionadaithe bailí ó dháta a bhunaithe (i mbliain 'N') go dtí an 31 Nollaig i mbliain 'N+1'. Féadfar síneadh a chur le bailíocht an liosta. Seolfar litir chuig gach iarrthóir lena chur in iúl dó nó di cibé an bhfuil nó nach bhfuil an té sin ainmnithe ar an liosta ionadaithe. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach gá go bhfágann ainm a bheith ar liosta ionadaithe go ndéanfar an duine sin a earcú.

Féadfar an liosta ionadaithe a úsáid mar chuid de phróiseas earcaíochta a eagrófar amach anseo. Beidh earcaíocht i gcomhair folúntas bunaithe ar phoist agus ar bhuiséad a bheith ar fáil agus is gnách go ndéanfar agallaimh leantacha le hÚdarás Ceapacháin FRA chun cinneadh a dhéanamh maidir le hearcú i gcomhair folúntais. Ar an mbonn sin, féadfaidh Údarás Ceapacháin FRA conradh fostaíochta a thairiscint.

Tabhair do d'aire go bhfuil obair agus plé an Choiste Roghnúcháin faoi rún daingean agus go bhfuil cosc iomlán ar aon teagmháil le baill an Choiste Roghnúcháin.

De bharr líon mór na n-iarratas, **is oth leis an nGníomhaireacht nach ndéanfar teagmháil ach leis na hiarrthóirí a roghnófar le teacht chun agallaimh**. Iarrtar ar iarratasóirí an próiseas earcaíochta a leanúint ar shuíomh gréasáin FRA.

8 RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Déanfar conradh mar ghníomhaire sealadach a thairiscint de bhun Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh go ceann tréimhse éiginnte.

Is ag grád AD 5 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leo. Is é EUR 5 010.72 an buntuarastal míosúil do ghrád AD 5 (Céim 1) faoi láthair. Mar aon leis an mbuntuarastal, **is féidir go mbeidh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, go háirithe liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal + liúntas teaghlaigh), liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais**. Tá an tuarastal faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse agus tá sé díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.
Chomh maith leis sin, cuireann FRA pacáiste cuimsitheach leasa ar fáil, lena n-áirítear scéim pinsin, cumhdach árachais tionóisce agus galair ceirde, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil.
Ina theannta sin, cuireann FRA deiseanna éagsúla ar fáil maidir le **seirbhísí scolaíochta** trí chomhaontuithe seirbhíse le scoileanna idirnáisiúnta agus le heagrais réamhscoile, agus tá beartais maidir le **teilea-oibriú agus fleisc-am** bunaithe aige mar chuid dá iarracht cothromaíocht a chinntiú idir an saol oibre agus an saol príobháideach.

In imthosca áirithe, sa chás nach mór do bhaill foirne bogadh óna n-áit chónaithe chun tabhairt faoi fhostaíocht, d'fhéadfadh sé go n-aisíocfadh an Ghníomhaireacht costais áirithe arna dtabhú mar gheall ar an bpróiseas earcaíochta, costais aistrithe go háirithe.

Is féidir faisnéis bhreise faoin gcineál conarthaí a fháil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas: http://ec.europa.eu/civil_service/job/contract/index_en.htm.

Má tá tuilleadh eolais uait faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach ar Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:

EUR-Lex - 01962R0031-20140501 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

9 COSAINT SONRAÍ

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an phróisis roghnúcháin agus chuige sin amháin.

Tabhair do d'aire nach seolfaidh FRA iarratais ar ais chuig na hiarrthóirí. Déanfar iarrataí a fhaightear ó iarratasóirí ar fhaisnéis phearsanta atá ina sheilbh ag FRA a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Tá feidhm ag an méid sin go háirithe maidir le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Má bhíonn aon cheist ag an iarrthóir maidir le próiseáil sonraí pearsanta an té sin, cuirfidh sé nó sí iad chuig an seoladh seo a leanas: recruitment@fra.europa.eu .

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le próiseáil sonraí pearsanta, féach Ráiteas Príobháideachais FRA.

10 NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

I gcás ina measann iarrthóir go ndearna cinneadh ar leith dochar dó/di, féadfaidh siad gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

An Stiúrthóir
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Schwarzenbergplatz 11
A-1040 Vín
An Ostair

Ní mór an gearán a thaisceadh laistigh de thrí mhí. Foilsítear an teorainn ama chun an cineál seo nós imeachta a thionscnamh ón am a chuirtear an nós imeachta roghnúcháin i gcrích ar an suíomh gréasáin ag an nasc seo a leanas: http://fra.europa.eu/en/about-fra/recruitment/vacancies.

Má dhiúltaítear don ghearán, de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de bhun Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, féadfaidh iarrthóir athbhreithniú breithiúnach ar an ngníomh a iarraidh. Ní mór an t-achomharc a chur isteach laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra chuig an seoladh seo a leanas:

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
Rue du Fort Niedergrünewald
L-2925 Lucsamburg
Lucsamburg

Is féidir, chomh maith, gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le reacht an Ombudsman agus leis na forálacha cur chun feidhme arna nglacadh ag an Ombudsman. Sula nglacfaidh an tOmbudsman le gearán, ní mór an gearán a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta ar dtús. Ní mór aon ghearán leis an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) a dhéanamh laistigh de thréimhse dhá bhliain ó sheasamh deiridh na Gníomhaireachta ar an ábhar a fháil.